

Físeán: ag filleadh ar an áit oibre tar éis taisme nó trombhreiteachta



Físeán

<https://www.europartv.europa.eu/en/programme/eu-affairs/helping-recovering-people-back-into-the-job-market>

Thug feisirí Eorpacha a gceadú an 11 Meán Fómhair le bearta chun dul i ngleic le neamhláithreacht fadtéarmach san áit oibre.

Mar gheall ar neamhláithreacht fadtéarmach ón obair, go minic bíonn ar fhostaithe an lucht saothair a fhágáil go buan. De réir [thuarascáil an choiste um fhostaíocht](#), caithfear tuilleadh a dhéanamh chun cuidiú le fostaithe a bhí as láthair filleadh ar an obair, agus chun cabhrú le daoine atá go dona tinn nó faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach san fhórsa saothair.

Ag labhairt di roimh an vóta iomlánach, dúirt an feisire Slóvacach [Jana Žitňanská](#): “Is gá dúinn ár margaí saothair a dhéanamh níos cuimsithí agus níos freagrúla i leith riachtanais sochaí atá ag dul in aois agus ag meath agus chun nach gcaillfí chomh furasta scileanna de bharr neamhghníomhaíochta.” Ba í an feisire Žitňanská a chuir tuarascáil [an choiste um fhostaíocht](#) le chéile.

De réir [fhigiúirí Eurostat](#), tá tinneas nó fadhb sláinte fhadtéarmach ag aon trian de dhaonra an Aontais Eorpaigh. Tugann tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair le fios go mbíonn [duine as ceathrar](#) faoi strus mar gheall ar an obair.

32.5%

Líon na nEorpach a bhfuil tinneas nó fadhb sláinte fhadtéarmach acu

Tá feisirí den tuairim go gcaithfear an t-athrú ó shaoire bhreiteachta go dtí an áit oibre a éascú. Ba chóir traenáil agus rochtain ar shíceolaí nó ar theiripeoir a chur ar fáil do dhaoine atá ag filleadh ar an obair, chomh maith le coinníollacha oibre atá solúbtha nó deiseanna scileanna nua a fhoghlaim.

Cuireadh an dréacht-tuarascáil chun vóta an 11 Meán Fómhair; thug feisirí an choiste um fhostaíocht [a gceadú](#) leis na moltaí an 7 Meitheamh.

Caith súil ar an bhfíseán thuas chun tuilleadh a fhoghlaim.

Tuilleadh faisnéise

[Preasráiteas \(7 Meitheamh 2018\)](#)

[Comhad nós imeachta](#)

[An seisiún iomlánach \(10-13 Meán Fómhair 2018\)](#)